Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Iascach

2024/0159(NLE)

14.11.2024

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le Prótacal Cur Chun Feidhme (2024-2029) a ghabhann leis an gComhpháirtíocht Iascaigh a thabhairt i gcrích
Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau
(12475/2024 – C10-0108/2024 – 2024/0159(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Eric Sargiacomo

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

ACHOIMRE

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN.....6

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR.....9

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail Chur Chun Feidhme (2024-2029) a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau
(12475/2024 – C10-0108/2024 – 2024/0159(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (12475/2024),

– ag féachaint don Phrótacal ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (12189/2024)

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43(2) agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0108/2024),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an ...[1] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint don mheasúnú buiséadach ag an gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig rialtas agus parlaimint Phoblacht Ghuine Bissau.

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(0000)0000

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Poblacht Ghuine Bissau

Milliún duine ó 11 ghrúpa eitneacha atá ina gcónaí i nGuine Bissau. Tá cónaí ar leath an phobail i gceantair uirbeacha. Táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar an líon sin. Is óige ná 25 bliana d'aois tuairim is 60% den phobal. Tá ráta ard torthúlachta agus mortlaíocht ard naíonán sa tír (54.8 bás as gach míle breith). Níl léamh ná scríobh ag breis is 40% den phobal. Ó síníodh an prótacal roimhe seo tá an tír tite 2 áit agus tá sí sa 179ú háit as 193 in Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna (UNDP, 2021).

Bhí seasamh gheilleagar Ghuine Bissau ar acmhainní nádúrtha intíre riamh anall. 56% agus 90% an méid a chuireann an talmhaíocht le OTI náisiúnta agus le honnmhairí faoi seach, agus tá fréamhacha na talmhaíochta san aon bharr amháin - cnónna caisiú. Ceann de na príomhdhúshláin atá roimh an tír is ea an táirgeacht a éagsúlú.

Is ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig beagnach an tríú cuid d'ioncam poiblí ó dheontóirí idirnáisiúnta, agus is é AE a dheonaigh an tríú cuid den mhéid sin. An cistiú a sholáthraítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (SFPA, mar atá anois ann) idir AE agus Guine Bissau, mar chúiteamh a thugtar ar rochtain ar acmhainní, cuireann sé go mór le hairgeadas poiblí náisiúnta na tíre.

Le scairbh ilchríochach leathan Ghuine Bissau, arna cothú ag aibhneacha, agus borradh séasúrach na sruthanna aigéin, cuidítear le stoic shaibhre de speicis éisc chósta agus aigéanacha araon a chinntiú. I measc na bpríomhstoc a bhfuil luach tráchtála acu tá speicis ghrinnill, speicis pheiligeacha bheaga, speicis pheiligeacha imirceacha mhóra, crústaigh (séaclaí, lena n-áirítear séaclaí domhainmhara) agus ceifileapóid (scuid agus ochtapas).

Tá roinnt míle iascaire agus a dteaghlach, arb as tíortha comharsanacha do chuid acu, a thugann a mbeatha i gcrích ar iascaireacht ar mhionscála, lena n-áirítear iascaireacht leorchothaitheach (ní lia meastachán ná a líon).

Tá bac ar thrádáil i dtáirgí iascaigh le AE de dheasca nach n-éiríonn leo sa tír caighdeáin sláinte AE a chomhlíonadh, in ainneoin iad a bheith ar a dteanndícheall. Táthar ag súil leis go gcabhróidh cumais Ghuine Bissau sa réimse seo, ar cumais iad atá á neartú de thairbhe saotharlann rialaithe agus anailísithe cáilíochta a cruthaíodh agus, tar éis próiseas fada, a creidiúnaíodh (i mí Iúil 2014 agus í á forbairt go fóill), leis an scéal a athrú.

Comhaontú Iascaigh AE - Guine Bissau

Cuireadh an chéad chomhaontú iascaigh idir Poblacht Ghuine Bissau agus an Comhphobal Eorpach i gcrích in 1980. Tá rochtain ag cabhlaigh ó Bhallstáit de chuid CEE/AE ar dheiseanna iascaireachta in uiscí Ghuine Bissau ó shin i leith. In 2007, shínigh an dá pháirtí an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh. Rinneadh prótacail chomhleantacha, lenar cuireadh an Comhaontú chun feidhme, a athnuachan go hintuigthe agus/nó a chaibidil ó shin i leith. Cuireadh an Comhaontú ar fionraí ar thionscnamh AE idir Aibreán 2012 agus Deireadh Fómhair 2014, tar éis coup míleata. Ar na saolta deireanacha, leagadh béim sna cainteanna maidir leis an bPrótacal ar an ngá le hathbhreithniú ar na ranníocaíochtaí airgeadais a

sholáthraítear mar mhalairt ar dheiseanna iascaireachta do chabhlaigh AE faoin bPrótacal.

Cuireadh an Prótacal reatha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ghuine Bissau (2024-2029) i bhfeidhm go sealadach ó dháta an tsínithe, i.e. an 18 Meán Fómhair 2024. Ceadaítear do shoithí ó roinnt Ballstát de chuid AE iascaireacht a dhéanamh in uiscí Ghuine Bissau faoin gcomhaontú sin.

Forálann an Prótacal maidir le deiseanna iascaireachta sna catagóirí seo a leanas: reothrálaeir séaclaí; reothrálaeir iasc eite agus ceifileapód; trálaeir le haghaidh peiligigh bheaga; reoshoithí tuinníní agus soithí spiléir; soithí tuinníní le cuaille agus líne:

Comhaontú ilspeiceas atá ann agus clúdaítear leis tuinníní, ceifileapóid, séaclaí agus speicis ghrinnill. Is comhaontú de líonra comhaontuithe tuinníní in Iarthar na hAfraice an Comhaontú agus tá sé ar cheann de na comhaontuithe ilspeiceas sa réigiún, nach bhfuil ann ach trí cinn acu (comhaontuithe le Maracó agus leis an Mháratáin atá sna cinn eile).

Bunaítear na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú ar an gcomhairle eolaíochta is fearr dá bhfuil ar fáil agus ar mholtaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní Atlantacha (ICCAT).

Meastar gurb ionann ranníocaíocht an Aontais leis an bprótacal nua sin agus €85 mhilliún thar na 5 bliana, arb ionann é agus €17 milliún in aghaidh na bliana, as a dtiomnófar €4.5 milliún chun acmhainneachtaí inbhuanaithe bainistithe iascaigh, rialaithe agus faireachais Ghuine Bissau a chur chun cinn, agus chun tacú le pobail iascaireachta áitiúla.

Sa bhreis ar ranníocaíocht an Aontais, íocfaidh longúinéirí táillí ceadúnais agus gabhála le riarachán Ghuine Bissau le bheith údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh. Leis an teaglaim de ranníocaíocht agus táillí an Aontais a íocann oibreoirí an Aontais, tá iomlán an imchlúdaigh airgeadais mheasta os cionn €100 milliún thar an tréimhse 5 bliana.

Tá súil ag an Rapóirtéir go gcuirfidh an prótacal nua ar chumas AE agus Phoblacht Ghuine Bissau obair níos dlúithe a dhéanamh le chéile chun saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a chur chun cinn in uiscí Ghuine Bissau agus chun tacú le hiarrachtaí na tíre ar earnáil náisiúnta an iascaigh agus réimsí gaolmhara a fhorbairt.

Is deis don tír í an infheistíocht sa bhonneagar agus sa chalafort iascaireachta le haghaidh iascaireacht ar mhionscála (tabhairt i dtír agus próiseáil) in Alto Bandim a rinne Banc Forbartha na hAfraice agus infheisteoirí eile (e.g. an tSín) le déanaí, ach ní leor í chun freastal ar riachtanais. Bheadh tábhacht ar leith ag baint le bonneagar a bheadh ceaptha chun a úsáide ag cabhlaigh ar mhórscála atá ag oibriú in uiscí Ghuine Bissau a fhorbairt chun iasc a thabhairt i dtír, a stóráil agus a phróiseáil, ní hamháin chun críocha oibríochtúla, ach chun earnáil iascaigh na tíre a fhorbairt freisin, agus bheifí in ann margaí, struchtúir dháilte agus mhargaíochta, chomh maith le saotharlanna anailísithe cáilíochta a chruthú.

Tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart go gcabhródh an Comhaontú leis an tír a chur chun neamhthuilleamaíochta, le straitéis forbartha na tíre a chothú, agus le ceannasacht na tíre a ráthú.

Dá réir sin, molann sé don Pharlaimint tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPA) agus a Phrótacail a fhormheas, i bhfianaise a thábhachta do

chabhlaigh iascaigh Phoblacht Ghuine Bissau agus AE araon atá ag oibriú in uiscí na tíre sin cheana.

I bhfianaise ról agus chumhachtaí na Parlaiminte sa réimse seo, measann sé go bhfuil sé iomchuí agus riachtanach rún neamhreachtach a ghlacadh maidir leis an gcomhaontú seo, lena leagtar amach ceisteanna agus moltaí ar cheart don Choimisiún iad a chur san áireamh le linn don Phrótacal reatha a bheith i bhfeidhm (rud, ar an drochuair, nach ndearna sé i gcónaí roimhe seo).

Is mian leis an Rapóirtéir aird a tharraingt ar na saincheisteanna seo a leanas, le cois leo siúd a luaitear thuas, ar saincheisteanna iad ar gá aird ar leith a thabhairt orthu.

Ní mór don Chomhaontú fíorfhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn in earnáil iascaigh Ghuine Bissau agus sna tionscail agus gníomhaíochtaí gaolmhara, agus cur leis an mbreisluach a fhanann sa tír mar thoradh ar shaothrú a hacmhainní nádúrtha.

Ar deireadh, cuireann an Rapóirtéir i bhfáth gur cheart go gcuirfí Parlaimint na hEorpa ar an eolas go hiomlán agus in am agus i dtráth, ag gach céim, faoi na nósanna imeachta a bhaineann leis an bPrótacal, lena athnuachan agus lena chur chun feidhme, de réir mar a shonraítear sa rún neamhreachtach a ghabhann leis an moladh seo.

IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Europêche
Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF)
Coalition pour des Accords de Pêche Equitables Equitables CAPE/CFFA

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.